C/2026/5441

21.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5441)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Mantequilla de l’Alt Urgell y la Cerdanya / Mantega de l’Alt Urgell i la Cerdanya’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0187-AM01 — 29.7.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Mantequilla de l’Alt Urgell y la Cerdanya / Mantega de l’Alt Urgell i la Cerdanya’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Roinn Talmhaíochta, Beostoic, Iascaigh agus Bia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ba cheart é a mheas mar leasú caighdeánach toisc nach ndéanann na hathruithe formheasta aon difear don ainm faoi chosaint ná don nasc leis an gcomhshaol, ná ní chuirtear srianta breise ar thrádáil an táirge dá mbarr.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tabhairt isteach rogha na mbó nach mbaineann go heisiach leis an bpór Freaslannach (Ranna B agus D den tsonraíocht táirge)

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Tugadh isteach an fhéidearthacht nach mbeadh na ba den phór Freaslannach amháin, rud a fhágann gur féidir crosphórtha den phór sin a chur le pórtha eile atá an-oiriúnach do tháirgeadh bainne agus a bhfuil rátaí torthúlachta níos fearr acu. Chomh maith le feabhas a chur ar thorthúlacht, is é an toradh a bhíonn air sin ainmhithe níos athléimní a mhaireann níos faide agus atá níos oiriúnaí don chóras innilte, agus feabhas á chur an tráth céanna ar leibhéil próitéine agus saille an bhainne.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Beatha na mbó a chur isteach (Roinn E den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Fuarthas amach nach raibh an roinn maidir le beatha na mbó sa tsonraíocht táirge. Bhí an roinn sin sa doiciméad aonair, agus rinneadh í a atáirgeadh anois sa tsonraíocht táirge. Thapaíomar an deis freisin a shonrú go bhféadfar léagúim agus olashíolta a úsáid in aiste bia na mbó, sa bhreis ar ghránaigh, ós rud é go dtarlaíonn sé sin go rialta cheana féin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar an roinn maidir leis an nasc leis an limistéar (Roinn F den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Leathnaíodh an tuairisc ar an timpeallacht nádúrtha, agus saintréithe na haeráide agus an tír-raoin á gcur i dtábhacht, chun an téacs a thabhairt i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC 'Queso de l'Alt Urgell i la Cerdanya', atá níos iomláine agus níos mionsonraithe. Baineann an leathnú sin go háirithe le pointe 2, 'Nádúrtha' (fophointí (a), (b), (c), (d) agus (e)).

Thapaíomar an deis freisin nuashonruithe a dhéanamh maidir leis na feirmeoirí beostoic.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Mionsonraí an chomhlachta cigireachta a thabhairt cothrom le dáta (Roinn G den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Tugadh mionsonraí an chomhlachta deimhniúcháin cothrom le dáta i bhfoirm naisc, rud a fhágann gur féidir an comhlacht a shainaithint i gcónaí.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar an roinn maidir le lipéadú (Roinn H den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

(i) Baineadh na srianta ar an gcineál pacáistíochta chun oiriúnú d'fhormáidí agus do phacáistíocht nua.

(ii) Cuireadh feabhas ar fhoclaíocht an dara mír maidir leis an gcaoi a gcuirtear uimhir ar an táirge agus an chaoi a dtagraítear dó ag brath ar an teanga. Cuireadh lógó an táirge isteach i Spáinnis.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Scriosadh an roinn a bhaineann le ceanglais reachtacha náisiúnta (Roinn I den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Baineadh an roinn a bhaineann le ceanglais dhlíthiúla náisiúnta (Roinn I den tsonraíocht táirge) ós rud é nach gceanglaítear í faoi Rialachán (AE) 2024/1143; rinneadh roinnt athruithe eagarthóireachta freisin nach bhfuil aon athrú substaintiúil ar an ábhar i gceist leo.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athbhreithniú agus nuashonrú ar an tuairisc orgánaileipteach (Roinn B den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Rinneadh an tuairisc orgánaileipteach a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe na ranna maidir le blas agus dea-bholadh, chun teanga níos teicniúla agus níos beaichte a úsáid.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athbhreithniú agus nuashonrú ar na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha (Roinn B den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Cuireadh an luach pH (idir 4.5 agus 5.2) isteach mar tháscaire go ndearnadh an próiseas táirgthe i gceart, agus baineadh an luach fuinnimh toisc nach soláthraíonn sé aon saintréith shonrach don im sin. Baineadh na haigéid shailleacha agus a luachanna comhdhéanaimh ar an gcúis chéanna.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Síneadh 48 n-uair an chloig a chur leis an tréimhse ama chun bainne a bhailiú ar ghabháltais (Ranna B agus E den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Cuireadh síneadh 48 n-uair an chloig leis an tréimhse ama chun bainne a bhailiú ar ghabháltais mar gheall ar fheabhsuithe reatha ar dhálaí sláinteachais agus ar an slabhra fuar. (Baineann sé sin freisin le Roinn E den tsonraíocht táirge.)

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An modh anailíse a thabhairt cothrom le dáta (Roinn E den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Cuireadh an tástáil cobhsaíochta alcóil ar an ngabháltas in ionad na tástála aigéadachta, toisc go meastar iad a bheith coibhéiseach.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Céim fuaraithe an uachtair a bhaint agus an tagairt do dhíshaillte a scriosadh (Roinn E den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Baineadh céim fuaraithe an uachtair toisc gur féidir í a bhearradh agus a phaistéaradh go leanúnach, rud a fhágann nach bhfuil gá le fuarú. Baineadh an tagairt do dhíshailleadh freisin, toisc nach ann a thuilleadh do na dálaí a thug údar leis san am a chuaigh thart.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tosaíocht a thabhairt d'aigéadacht optamach (40 °D) a bhaint amach thar thréimhse phróiseála (Roinn E den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Tá laghdú ar choscairí coipiúcháin mar gheall ar fheabhsuithe ar fhaireachán bainne, rud a mhéadaíonn éifeachtacht na gcoipeoirí. Ar an gcúis sin, tugadh tosaíocht d'aigéadacht optamach (40 °D) a bhaint amach thar an tréimhse phróiseála.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Méadú ar mheáchain mhargaíochta agus ar an gcineál ábhair chlúdaigh le haghaidh im ATFC (Roinn E den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Leathnaíodh na meáchain mhargaíochta agus an cineál ábhair ina gcumhdaítear im ATFC mar gheall ar éilimh shochaíocha éagsúla agus critéir thráchtála nua.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nuashonrú ar aicmiú tacsanomaíoch na gcoipeoirí (Roinn E agus Roinn F(3) den tsonraíocht táirge)

Tuairisc

Tugadh aicmiú tacsanomaíoch na gcoipeoirí cothrom le dáta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Mantequilla de l'Alt Urgell y la Cerdanya / Mantega de l'Alt Urgell i la Cerdanya'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0187-AM01 — 29.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Mantequilla de l'Alt Urgell y la Cerdanya / Mantega de l'Alt Urgell i la Cerdanya'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0405 10 11 – I gcéadphacáistithe de ghlanmhéid nach mó ná 1 kg

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Im a dhéantar as uachtar paistéartha ó bhainne bó Freaslannach nó crosphórtha de na ba sin le pórtha eile. Is iad seo a leanas a tréithe orgánaileipteacha:

— raimhre sholadach aonfhoirmeach, atá an-éasca a leathadh, leánn sé go héasca agus ní gnách go ngreamaíonn sé leis an gcarball;

— dath gealbhuí aonfhoirmeach, agus an déine ag brath ar an séasúr, rud a mbíonn tionchar aige ar chion caraitéine an fharae agus an fhéaraigh;

— boladh dian uachtair úir;

— dea-bholadh a chuireann collchnó i gcuimhne freisin;

— blas beagán aigéadach.

Is iad seo a leanas na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha:

Saill	≥ 82 %
Uisce	≤ 16 %
Eastóscán bainne thirim neamhshaille	≤ 2 %
pH	4.5 ≤ pH ≤ 5.2

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Déantar an t-im as bainne bó Freaslannach, nó crosphórtha de na ba sin le pórtha eile, ó ghabháltais atá sa chlár comhfhreagrach táirgeoirí atá i seilbh an Bhoird Rialála agus atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta. Nuair a bhíonn siad ag lachtadh, beathaítear na hainmhithe sin ar fhéarach agus ar fharae ón limistéar. Tagann an farae, atá cothrom le thart ar 70 % den bheatha laethúil, go príomha ón limistéar táirgeachta agus tugtar é do na ba, bíodh sé úr (glas), tirim (mar fhéar tirim) nó mar shadhlas. Gránaigh, léagúim nó olashíolta is mó atá sa 30 % eile dá mbeatha.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar an t-im as bainne bó ó ghabháltais atá suite sa limistéar táirgeachta agus a bhailítear tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis bleáin.

Tarlaíonn an próiseas iomlán táirgthe ime sa limistéar geografach sainithe.

Céim bhunúsach agus shainiúil sa phróiseas táirgthe don im ATFC is ea aibiú an uachtair.

Tá toirmeasc iomlán ar úsáid dathán nó aon bhreiseán eile agus ar rianta antaibheathach nó coscairí coipthe lachtaigh a bheith ann.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar an t-im a mhargú i mbloic nó i bhformáidí a bhfuil meáchan de 1 kg nó níos lú iontu, agus é clúdaithe in ábhar de ghrád bia.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tá uimhir formheasta ag Bord Rialála ATFC ar an bpacáistíocht agus ní mór ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Mantequilla de l'Alt Urgell y La Cerdanya' (sa Spáinnis) nó 'Mantega de l'Alt Urgell i la Cerdanya' (i gCatalóinis) a bheith ar taispeáint go feiceálach uirthi, mar aon le lógó an ainmniúcháin agus na téarmaí sonracha a cheanglaítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Déantar lógó ATFC (sa Spáinnis agus sa Chatalóinis) a atáirgeadh thíos:



5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar ina dtáirgtear an bainne agus an limistéar ina monaraítear 'Mantequilla de l'Alt Urgell y la Cerdanya'/ 'Mantega de l'Alt Urgell i la Cerdanya' mar an gcéanna, agus cumhdaíonn siad na bardais uile arb iad ceantair Chatalónacha L'Alt Urgell agus La Cerdanya iad, i gcroílár na bPiréiní in oirthuaisceart leithinis na hIbéire.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Go dtí luathbhlianta an fichiú haois, bhí fíonsaothrúchán ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí talmhaíochta sa limistéar sin, mar sin mar gheall ar an léirscrios a rinneadh le plá fiollocsaeire, b'éigean bealaí malartacha a aimsiú chun an geilleagar a spreagadh d'fheirmeoirí. Rinneadh an cinneadh an geilleagar a iompú i dtreo táirgeadh beostoic, agus idir mhóinéir nádúrtha agus shaorga a chur in ionad na bhfíonghort, a raibh gá leo chun méid na dtréad a mhéadú.

Sna blianta tosaigh den chéad tógadh an beostoc le haghaidh feola den chuid is mó, ach ina dhiaidh sin ba é bainne príomhtháirge na ngabháltas sin. Rinneadh im ar an bhfeirm trí úsáid a bhaint as teicnící traidisiúnta ceardaíochta le haghaidh tomhaltas baile. Ansin in 1915 bunaíodh an comharchumann Cadí d'fheirmeoirí beostoic áitiúla i limistéir a raibh sé deacair rochtain a fháil orthu, ag bailiú an bhainne a tháirg siad chun im a dhéanamh de.

Sna ceantair L'Alt Urgell agus La Cerdanya ar fhánaí theas na bPiréiní Láir sa Chatalóin tá líon mór gleannta arda agus lárshléibhe atá á n-uisciú ag sruthanna agus ag srutháin agus ag an dá phríomhabhainn, an Segre agus Valira.

Tá aeráid fho-Mheánmhuirí sách fuar agus tirim sa timpeallacht seo le spéartha glana saor ó scamall agus solas substaintiúil na gréine, dálaí aeráide a thugann saintréithe speisialta do fhlóra na móinéar agus na talún féaraigh a fhágann go bhfuil siad an-oiriúnach do bheatha eallaigh.

Is foráiste den chuid is mó atá i mbeatha na mbó a n-úsáidtear a mbainne agus a n-uachtar chun Mantequilla de l'Alt Urgell y La Cerdanya a dhéanamh, rud atá cothrom le thart ar 70 % dá n-aiste bia laethúil. Tagann an foráiste go príomha ó mhóinéir sa limistéar táirgeachta agus tugtar do na ba é mar fharae glas, féar tirim agus sadhlas.

Gránaigh, léagúim nó olashíolta is mó atá sa 30 % eile dá mbeatha. Fástar gránaigh ón limistéar go páirteach i ndeisceart L'Alt Urgell agus sna limistéir is grianmhaire de La Cerdanya.

Go traidisiúnta, is ó mhóinéir nádúrtha den chuid is mó a tháinig an farae, atá ann anois in éineacht le móinéir shíolaithe. Déantar na móinéir a lomadh den chéad uair san earrach, nuair a bhíonn a gcáilíocht i mbarr a réime, mar is amhlaidh atá nuair a bhíonn féara móinéir éagsúla (lena n-áirítear garbhfhéar, feisciú, brómas agus seagalach, ar a dtugtar 'margall' sa limistéar) ag teacht i mbláth. Déantar sadhlas den chéad ghearradh sin chun cáilíochtaí cothaitheacha an fhéir a chaomhnú.

Tugtar 'redall' ar an dara gearradh agus de ghnáth déantar féar tirim de, ós rud é go gceadaíonn an aeráid i mí an Mheithimh triomú tapa agus go dtáirgtear féar tirim ardcháilíochta.

Le linn an tsamhraidh, is féidir cuid den mhóinéar nádúrtha a innilt agus é glas, lena n-áirithiú go bhfuil sé chomh bog agus is féidir ionas go mbeidh sé ar an gcáilíocht is airde.

Sa chuid theas de cheantar L'Alt Urgell, is farae arbhair Indiaigh den chuid is mó atá san fharae, agus caomhnaítear é i bhfoirm sadhlais. Tá alfalfa sa limistéar freisin, a úsáidtear le haghaidh féar tirim agus sadhlais. Tá an barr sin an-oiriúnach don limistéar deisceartach, aolchloiche den chuid is mó.

Cinntear cáilíocht agus saintréithe sonracha an ime sin go príomha le gnáthfhlóra agus gnáthfhásra an limistéir, atá mar bhonn le beatha an eallaigh, agus leis an gcúram a dhéantar le linn an phróisis táirgthe. Déantar an t-uachtar paistéartha a aibiú in umair, a síolaítear go díreach le saothráin lachtacha mhéisifileacha heitreachoiptheacha (oibreáin aigéadaithe agus bhlaistithe) ina bhfuil tréithchineálacha de *Lactococcus lactis* subsp. *lactis, Lactococcus lactis* subsp. *cremoris, Lactococcus lactis* subsp. *diacetilactis* agus *Leuconostoc cremoris*. Leanann an t-aibiú ar aghaidh go dtí go mbeidh aigéadacht íosta 40 céim Dornic bainte amach. Is le linn aibiú sin an uachtair a fhorbraíonn na dea-bholaithe an-sonrach agus saintréitheach – a chuireann collchnó i gcuimhne – a thugann a shaintréith shainiúil don táirge.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://agricultura.gencat.cat/web/.content/al_alimentacio/al02_qualitat_alimentaria/normativa-dop-igp/plecs-vigor/Pliego-condiciones-consolidado_DOP-Mantega-Alt-Urgell-Cerdanya-RF-modificacio-normal-2026-CAST.pdf